



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 21.1.2026
COM(2026) 35 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, Treoir (AE)
2018/1972**

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, Treoir (AE) 2018/1972

1. RÉAMHRÁ

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún a oibleagáid tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach¹, de bhun Airteagail 122 agus 123(2) di.

Leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach in Airteagal 122 ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach. Dá bhrí sin, is é is aidhm ghinearálta don tuarascáil athbhreithnithe seo measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ó bhí sí infheidhme ón 21 Nollaig 2020.

Go háirithe, déanann sé measúnú ar fheidhmiú na nithe seo a leanas:

- na cumhachtaí a thugtar d'údarais rialála náisiúnta (ÚRNanna) chun oibleagáidí a fhorchur maidir le rochtain a dheonú ar shreangú agus ar cháblaí agus ar shaoráidí gaolmhara laistigh d'fhoirgnimh in Airteagal 61(3);
- cóir rialála eilimintí nua líonra fíor-ardacmhainne in Airteagal 76;
- na rialacha maidir le deighilt dheonach arna déanamh ag gnóthas atá comhtháite go hingearach in Airteagal 78; agus
- na rialacha maidir le gealltanais arna dtairiscint ag gnóthais a ainmnítear mar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu in Airteagal 79.

Déanfar a mheas sa tuarascáil cé acu is leor nó nach leor na cumhachtaí *ex ante* agus na cumhachtaí idirghabhála eile sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach chun gur féidir leis na húdarais rialála náisiúnta aghaidh a thabhairt ar struchtúir olagaplacha neamhiomaíocha an mhargaidh, agus chun gur féidir a áirithiú go mbeidh leas le fáil anois agus feasta as an iomaíocht i margaí na cumarsáide leictreonaí ag na húsáideoirí deiridh.

Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 122(2) go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar raon feidhme na seirbhíse uilíche i bhfianaise forbairtí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha in Airteagail 84 go 92. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar fheidhmiú na bhforálacha sin, cuirtear i láthair inti na chéad cheachtanna a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm agus ó fheidhmiú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, agus leagtar amach inti an bealach chun cinn.

Thairis sin, le hAirteagal 122(3), ceadáítear don Choimisiún, agus lánaird á tabhairt aige ar thuairim Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), tuarascáil a fhoilsiú maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha an údaráithe ghinearálta in Airteagail 12 go 19, lena n-áirítear maidir leis na coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ann

¹ IO L 321, 17.12.2018, Ith. 36, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj>

agus togra reachtach a thfolacadh chun na forálacha sin a leasú i gcás ina measann sé gur gá sin chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Ar deireadh, ceanglaítear le hAirteagal 123 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach go bhfoilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm chearta na n-úsáideoirí deiridh, agus lánaird á tabhairt ar thuairim BEREC.

Is é is aidhm don tuarascáil seo na cúraimí sin go léir a chur i gcrích mar a cheanglaítear in Airteagal 122 agus in Airteagal 123(2).

Mura léirítear a mhalairt, nuair a dhéantar tagairt d'airteagail sa tuarascáil seo, is d'airteagail an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach atáthar ag tagairt.

1.1. Athbhreithniú foriomlán ar an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach

I bhfianaise na ndúshlán nua a bhaineann le hiomaíochas na hearnála, agus i bhfianaise an ghá atá leis an Margadh Aonair don chumarsáid leictreonach a dhoimhniú chomh maith le slándáil agus athléimneacht líonraí, sainaitníodh an gá atá le mór-athchóiriú rialála. Dá bhrí sin, áirítear sa tuarascáil seo na príomhthorthaí ón meastóireacht chuimsitheach ar an gcreat cumarsáide leictreonaí a ghabhann leis an measúnú tionchair ar an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le líonraí digiteacha, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120, Treoir (AE) 2002/58/CE agus Cinneadh Uimh. 676/2002/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1971, Treoir (AE) 2018/1972 agus Cinneadh Uimh. 234/2012/AE (an Gníomh um Líonraí Digiteacha). Áirítear leis an meastóireacht a luaitear leis seo chun críoch an mheasúnaithe tionchair, seachas an measúnú ar fhorálacha an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, measúnú ar Rialachán (AE) 2015/2120 maidir le Rochtain Oscailte ar an Idirlíon ², ar roinnt gnéithe teileachumarsáide sonracha (a bhaineann le huimhreacha) de Threoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le r-Phríobháideachtas)³ agus ar an gClár Beartais um an Speictream Raidió ⁴.

Déantar an tuarascáil seo in éineacht leis an meastóireacht ar Rialachán (AE) 2018/1971 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) mar a cheanglaítear le hAirteagal 48 de Mheastóireacht BEREC.

Ar deireadh, tá an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ar cheann de roinnt colún lena dtacaítear agus lena rialaítear leathadh amach agus soláthar líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Níor cumhdaíodh colúin thábhachtacha eile sa tuarascáil mheastóireachta. Tuairisceoidh an Coimisiún faoina n-athbhreithnithe ar leithligh. Go sonracha, tá an t-athbhreithniú iomlán ar an Rialachán Fánaíochta⁵ beartaithe do mhí an Mheithimh 2029 agus don tuarascáil ar chur chun feidhme an Ghnímh um Bonneagar Gigighiotáin⁶ do mhí na Bealtaine 2028.

Ní chuirtear i láthair sa tuarascáil seo ach príomhthorthaí an athbhreithnithe ar an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, mar seo a leanas:

² IO L 310, 26.11.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2120/oj>

³ IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj>

⁴ IO L 81, lch. 7, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2012/243\(2\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2012/243(2)/oj)

⁵ IO L 115, 13.4.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/612/oj>

⁶ IO L, 2024/1309, 8.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1309/oj>

- Is é an córas um chumhacht shuntasach sa mhargadh an phríomhionstraim i gcónaí le haghaidh rialáil *ex ante*.
- Tá an speictream raidió thar a bheith tábhachtach ó thaobh na straitéise agus na geopholaitíochta de; tá sé fíor-riachtanach cumarsáid a chumasú, fás eacnamaíoch agus rathúnas sóisialta a spreagadh, agus tacú le seirbhísí criticiúla ar fud earnálacha éagsúla.
- Is líontán sábhála iad na hoibleagáidí seirbhíse uilíche sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí leordhóthanacha inacmhainne idirlín agus cumarsáide gutha ag gach tomhaltóir san Aontas. Mar sin féin, ní úsáideann na Ballstáit go forleathan an fhéidearthacht oibleagáid seirbhíse uilíche a fhorchur le haghaidh infhaighteacht na seirbhísí agus tá difríocht idir na bearta chun inacmhainneacht a áirithiú, i gcás ina n-úsáidtear iad, ar fud na mBallstát.
- Tá na forálacha maidir le cearta úsáideoirí deiridh fós oiriúnach don fheidhm den chuid is mó ach ar roinnt bealaí d'fhéadfaí iad a shimpliú.

Chun torthaí níos mionsonraithe a fháil maidir leis na forálacha a chumhdaítear sa tuarascáil seo agus chun meastóireacht iomlán a dhéanamh ar fhorálacha an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, mar aon leis an reachtaíocht eile a athbhreithníodh chun an togra ón gCoimisiún le haghaidh Gníomh um Líonraí Digiteacha a ullmhú, féach Iarscríbhinn 11 den mheasúnú tionchair a ghabhann le togra reachtach an Ghnímh um Líonraí Digiteacha: ‘Meastóireacht – Athbhreithniú ar fheidhmiú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, Rialachán BEREC, an Rialachán maidir le hIdirlíon Oscailte, agus gnéithe áirithe den Treoir maidir le r-Phríobháideachtas’ (Cuid 3/3 den mheasúnú tionchair).

1.2. Foinsí agus an próiseas trasuite

Agus an tuarascáil seo á hullmhú aige, bhailigh an Coimisiún faisnéis agus aiseolas ó fhoinsí éagsúla agus ó ghníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírthe a rinneadh le linn chéimeanna ullmhúcháin thogra an Ghnímh um Líonraí Digiteacha. Liostaítear na príomhfhoinsí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an measúnú tionchair (Cuid 2/3 den mheasúnú tionchair).

Thairis sin, bhreithnigh an Coimisiún torthaí óna fhaireachán leanúnach ar thrasúimh agus ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach sna Ballstáit agus ó na gearáin a fuarthas.

Ar an gcéad dul síos, níor chomhlíon ach trí Bhallstát spriocdháta mhí na Nollag 2020 chun an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach a thrasú sa dlí náisiúnta. Níor tugadh an trasú i ngach ceann de na 27 mBallstát i gcrích go dtí mí Lúnasa 2024.

Ar an dara dul síos, ghlac roinnt Ballstát forálacha náisiúnta a bhaineann le forálacha an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ach a théann thar a mbeadh riachtanach le haghaidh iomláine agus chomhréireacht an trasuí. Mar thoradh air sin, bhí reachtaíocht náisiúnta róchasta ann agus ina dhiaidh sin bhí ualach rialála nach raibh gá leis ar oibreoirí, go háirithe maidir le teagmhais agus bagairtí slándála a bhaineann le slándáil líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach a mheas nach bhfuiltear ach ag tosú ag forbairt an chásdlí maidir le cur i bhfeidhm an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach. Tá roinnt cásanna ar feitheamh faoi láthair os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (‘CBAE’) maidir le léirmhíniú príomhforálacha an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach amhail na

forálacha sin maidir le cearta úsáide speictrim – le haghaidh craoltóireacht raidió agus teilifíse araon agus maidir le faisnéis chonarthach a sholáthar d’úsáideoirí deiridh. Soláthrófar breis soiléireachta de bharr na mbreithiúnas sin agus rannchuideofar le cur chuige níos comhchuibhithe i measc na mBallstát.

2. ATHBHREITHNIÚ AGUS MEASTÓIREACHT AR NA FORÁLACHA ROCHTANA

I gcomhréir le hAirteagal 122, rinne an Coimisiún athbhreithniú go háirithe ar na himpleachtaí a bheidh ag Airteagal 61(3) agus Airteagal 76, Airteagal 78 agus Airteagal 79 don mhargadh agus cé acu is leor nó nach leor na cumhachtaí *ex ante* agus na cumhachtaí idirghabhála eile de bhun na Treorach seo chun gur féidir leis na húdaráis rialála náisiúnta aghaidh a thabhairt ar struchtúir olagaplacha neamhiomaíocha an mhargaidh, agus chun gur féidir a áirithiú go mbeidh leas le fáil anois agus feasta as an iomaíocht i margaí na cumarsáide leictreonaí ag na húsáideoirí deiridh.

Cuireadh an rialachán maidir le rochtain mhórdhíola i bhfeidhm go forleathan ar fud an Aontais. Le córas den sórt sin, cuirtear intuarthacht rialála chun cinn trí chur chuige rialála comhsheasmhach a áirithiú. Thacaigh an rialáil rochtana le forbairt na hiomaíochta (lena n-áirítear iomaíocht éifeachtúil bunaithe ar bhonneagar) trí rochtain a thabhairt ar bhonneagar fisiceach agus trí rogha a thabhairt i seirbhísí leathanbhanda, lena n-áirítear líonraí fíorardacmhainneachta, do chion ard teaghlach san Aontas.

2.1. Rochtain ar shreangú laistigh den fhoirgneamh

Ceapadh Airteagal 61(3), i bprionsabal, chun dúbailt líonra laistigh d’fhoirgnimh a theorannú. Sainaithnítear leis pointe nasctha le haghaidh rochtain mhórdhíola agus ceanglaítear leis go ndeonóidh aon oibreoir líonra rochtain d’iomaitheoirí.

Tá rochtain shiméadrach ar shreangú laistigh den fhoirgneamh curtha i bhfeidhm ag ocht dtír⁷. D’fhéadfadh gurb é an chaoi nach bhfuil feidhm ag Airteagal 61(3) ach amháin ar iarraidh réasúnach ó chuardaitheoir rochtana agus nach féidir le ÚRNanna é a chur i bhfeidhm *ex officio*, is cúis, go páirteach, leis an úsáid theoranata bhaintear as.

Chun rochtain ar shreangú laistigh den fhoirgneamh a shainordú, ní mór do ÚRN a léiriú go mbeadh macasamhlú an tsreangaithe laistigh den fhoirgneamh neamhéifeachtúil go heacnamaíoch nó dodhéanta go fisiciúil. Is féidir na hoibleagáidí rochtana a leathnú thar an bhfoirgneamh agus an chéad phointe comhchruinnithe faoi Airteagal 61(3), más rud é ‘*nach dtugann na hoibleagáidí rochtana ar shreanga laistigh den fhoirgneamh aghaidh go leordhóthanach ar bhacainní eacnamaíocha nó fisiceacha arda agus neamhbhuana ar mhacasamhlú atá mar bhonn le staid sa mhargadh atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn lena gcuirtear teorainn nach beag le torthaí iomaíocha d’úsáideoirí deiridh*’.

⁷ I gcomhréir le hAirteagal 61(3) den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach. Astu sin, forchuireann ceithre tír (an Chipir, an Ghréig, an Iodáil agus an Pholainn) rochtain shiméadrach le haghaidh sreangú laistigh den fhoirgneamh amháin, agus forchuireann na ceithre tír eile (an Fhrainc, an Spáinn, an Phortaingéil agus an Chróit) rochtain shiméadrach ag an gcéad phointe dáileacháin agus d’fhéadfadh an pointe sin a bheith lasmuigh den fhoirgneamh.

Tá rochtain shiméadrach ar an líonra a théann níos faide ná an sreangú laistigh den fhoirgneamh cosanta leis an dualgas cruthúnais atá le sásamh, d'ainneoin go bhfuil cleachtas cinnteoireachta teoranta nó cásdlí teoranta ann.

D'fhéadfadh an úsáid theoranta a bhaintear as rialáil shiméadrach faoi Airteagal 61(3) i mBallstáit eile a bheith mar thoradh ar an bhfíoras gur cosúil go dtugann an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach tosaíocht do rialáil cumhachta suntasaí sa mhargadh, lena gcuirtear modh malartach ar fáil chun sainordú a thabhairt maidir le rochtain mhórdhíola lena n-áirítear rochtain ar snáithín optúil chomh fada leis an mbaile. Is minic a chuirtear leigheasanna atá bunaithe ar chumhacht shuntasach sa mhargadh i bhfeidhm ós rud é, murab ionann agus an rialachán siméadrach 'roghnach', go bhfuil an ceanglas maidir le hanailís mhargaidh a dhéanamh ar mhargaí a liostaítear sa Mholadh Margaidh Ábhartha mar mhargaí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialáil *ex ante* éigeantach, i bprionsabal.

2.2. Deighilt fheidhmiúil, deighilt ingearach agus gealltanais ag gnóthais

Maidir le comhinfeistíocht faoi **Airteagal 76**, ní raibh aon chás ann inar chuir na ÚRNanna an fhoráil sin i bhfeidhm go foirmiúil sa bheart a glacadh⁸.

Dá bhrí sin, níor cruthaíodh le **hAirteagal 76**, agus é i bhfeidhm le 5 bliana anuas, gur uirlis éifeachtúil é chun oibreoirí cumhachtaí suntasaí sa mhargadh a dhreasú chun infheistíochtaí a chomhroinnt le hiomaitheoirí (féideartha) ar bhonn deonach. Ba chosúil go raibh na forálacha comhinfeistíochta in Airteagal 76 casta, rud a chuir teorainn lena gcur i bhfeidhm féideartha. D'fhéadfadh an fhoráil, dá gcuirfí i bhfeidhm í, a bheith fritorthúil, toisc go mbeadh an baol ann go ndéanfaidh custaiméirí a ghaibhniú i líonra na n-oibreoirí cumhachta suntasaí sa mhargadh, rud a laghdódh an bonn custaiméirí féideartha a bheadh ag teastáil chun tacú le hiontráil iomaitheoirí atá bunaithe ar bhonneagar. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha Airteagal 76 a athbhreithniú go substaintiúil nó a bhaint.

Tá dhá fhoráil sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach maidir le hoibreoirí atá comhtháite go hingearach a dheighilt. Le **hAirteagal 77** tugtar de chumhacht do ÚRNanna deighilt fheidhmiúil a fhorchur mar leigheas 'rogha deiridh', ach le **hAirteagal 78** cuirtear d'oibleagáid ar na hoibreoirí cumhachta suntasaí sa mhargadh na ÚRNanna a chur ar an eolas faoi dheighilt dheonach. Cuireann sé sin ar a gcumas do ÚRNanna athmheasúnú a dhéanamh ar na margáí a ndéanann an deighilt dheonach difear dóibh.

Níor shainordaigh aon ÚRN deighilt fheidhmiúil riamh faoi Airteagal 77. Saothraíodh deighilt dhlíthiúil nó deighilt fheidhmiúil dheonach, áfach, in dhá Bhallstát⁹ ar a laghad faoi Airteagal 78. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí Airteagal 77 a mheas lena bhaint toisc nár cuireadh an fhoráil i bhfeidhm riamh, ní hamháin le 5 bliana anuas de chur i bhfeidhm an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, ach níos luaithe freisin, ó tugadh isteach an oibleagáid sin le dlí an Aontais in 2009. Ní bheadh iarmhairtí diúltacha ag baint leis an uirlis sin a bhaint do

⁸ Is san Iodáil amháin a d'fhéach oibreoir cumhachta suntasaí sa mhargadh le húsáid a bhaint as an bhféidearthacht nua a chuirtear ar fáil le hAirteagal 76. Tharraing AGCOM a fhógra siar, áfach, a luaithe a d'athraigh an t-oibreoir cumhachta suntasaí sa mhargadh a thairiscint go haontaobhach maidir le heilimint fhíor-riachtanach (praghsanna), rud a d'fhág gur ghá do AGCOM measúnú nua a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, d'iarr AGCOM leasuithe ar an tairiscint agus ar deireadh, nuair nár chuir an t-oibreoir cumhachta suntasaí sa mhargadh chun feidhme iad, dhiúltaigh sé don tairiscint toisc nach gcomhlíonann sí an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach.

⁹ an Danmhairg, an Iodáil.

na ÚRNanna a úsáideann oibleagáidí caighdeánacha amhail rialacha mionsonraithe neamh-idirdhealaithe chun coibhéis rochtana a áirithiú agus chun an buntáiste a eascraíonn as comhtháthú ingearach soláthraí rochtana a fhritháireamh, agus aghaidh á tabhairt ar na fadhbanna iomaíochta a saináithníodh. D'fhéadfaí Airteagal 78 a shimpliú agus a cháiliú mar cheann de na gealltanais rialála ghinearálta, ar gealltanais iad is féidir le hoibreoírí cumhachta suntasaí sa mhargadh a mholadh faoi Airteagal 78.

2.3. Struchtúir olagaplacha neamhiomaíocha an mhargaidh agus iomaíocht a áirithiú chun leasa na n-úsáideoirí deiridh

Ó tháinig an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach i bhfeidhm, níor aimsigh ÚRNanna aon chás de chumhacht shuntasach chomhpháirteach sa mhargadh a dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I dTreoirlínte maidir le Cumhacht Shuntasach sa Mhargadh a eisíodh i mí Aibreáin 2018, chuir an Coimisiún treoraíocht ar fáil maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm choincheap chomhpháirteach na cumhachta suntasaí sa mhargadh¹⁰.

Faoi Airteagal 32, níor thug ÚRNanna fógra ach faoi líon an-teoranta dréachtbheart, inar aimsigh siad ceannasacht chomhchoiteann.

In 2018 fós, fuair ÚRN ACM na hÍsiltíre cumhacht shuntasach chomhpháirteach sa mhargadh sa rochtain sheasta mhórdhíola, toradh nár chros¹¹ an Coimisiún faoin nós imeachta athbhreithnithe le haghaidh anailísí margaidh a bhí i bhfeidhm an tráth sin (Airteagal 7(3) den Treoir Réime). Mar sin féin, d'ainneoin nach raibh amhras tromchúiseach ar an gCoimisiún maidir le cinneadh cumhacht shuntasach chomhpháirteach sa mhargadh, chuir cúirt na hÍsiltíre cinneadh ACM ar neamhní ina dhiaidh sin¹². Níos beaichte fós, dhiúltaigh cúirt na hÍsiltíre do sheasamh ACM nach féidir comhaontuithe tráchtála a chur san áireamh sa mheasúnú ar chumhacht mhargaidh. Maidir le measúnú ACM ar chumhacht mhargaidh, luaigh an chúirt nach bonn leordhóthanach le haghaidh rialála é féidearthacht hipitéiseach ceannasachta a léiriú. Ina ionad sin, ba cheart do ACM a léiriú go bhfuil an dreasacht agus an cumas ag gnóthas iomaíocht a shrianadh.

I mí Feabhra 2022¹³ agus i mí an Mhárta 2023¹⁴, ghlac an Coimisiún cinntí lena gceanglaítear ar ÚRN na Seicia a dhréachtbhearta beartaithe a tharraingt siar chun rochtain mhórdhíola ar líonraí móibíleacha sa tSeicia a rialáil trí chinneadh maidir le cumhacht shuntasach chomhpháirteach sa mhargadh. Chinn an Coimisiún go raibh sé d'acmhainn ag uirlisí rialála

¹⁰ [Teachtaireacht maidir le Treoirlínte maidir le Cumhacht Shuntasach sa Mhargadh | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.](#)

¹¹ Cinneadh C(2018) 5848 final ón gCoimisiún an 30.8.2018 maidir le Cásanna NL/2018/2099 agus NL/2018/2100: Margadh rochtana fosaithe mórdhíola san Ísiltír.

¹² [https://www.jdsupra.com/legalnews/highest-dutch-court-annuls-acm-s-joint-71679/.](https://www.jdsupra.com/legalnews/highest-dutch-court-annuls-acm-s-joint-71679/)

¹³ [Chuir an Coimisiún deireadh lena imscrúdú domhain ar an rialachán atá beartaithe ag an tSeicia maidir le margadh na rochtana móibíle | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.](#)

¹⁴ [https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/commission-closes-its-depth-investigation-proposed-regulation-market-wholesale-access-mobile.](https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/commission-closes-its-depth-investigation-proposed-regulation-market-wholesale-access-mobile)

eile amhail forfheidhmiú oibleagáidí a bhaineann le speictream a forchuireadh cheana na fadhbanna a réiteach¹⁵.

Rinne ÚRN Mhálta iarracht an margadh rochtana leathanbhanda a rialáil le dhá líonra áitiúla ar fud na tíre bunaithe ar thorthaí aonair cumhachta suntasaí sa mhargadh agus ní dhearna sé iarracht ach líonra amháin as dhá líonra náisiúnta a rialáil. Tar éis imscrúdú críochnúil a dhéanamh, chinn an Coimisiún gur cheart do ÚRN Mhálta na srianta iomaíochta a chuirtear i bhfeidhm mar gheall ar an dara gnóthas a bhfuil bonneagar cábla malartach á oibriú aige a chur san áireamh agus chinn sé nach mbeadh an dréachtbheart comhoiriúnach le dlí an Aontais agus d'eisigh sé crosadh¹⁶.

Níor tugadh fógra faoi aon bheart eile atá beartaithe lena dtugtar aghaidh ar thorthaí cumhachta suntasaí comhpháirtí sa mhargadh.

D'ainneoin an lín bhig cásanna de chumhacht shuntasach chomhpháirteach sa mhargadh, tugadh aghaidh ar **ábhair inní iomaíocha i margáí olagaplacha** (nach mbíonn ach dhá oibreoir i gceist leo go minic) ar bhealaí éagsúla.

Mar shampla, i margadh na Beilge tugadh aghaidh orthu trí mhargáí ar leithligh a idirdhealú le haghaidh, ar thaobh amháin, rochtain ar chopar agus ar shnáithín agus, ar an taobh eile, rochtain ar chábla. I ngach ceann de na margáí ar leithligh sin, shaináithin na ÚRNanna cumhacht shuntasach aonair sa mhargadh.

I margadh na hÍsiltíre, tar éis an chinnidh thuasluaite ón gCúirt, tugadh aghaidh ar ábhair inní trí bhíthin gealltanais, a rinne na soláthraithe tar éis imscrúdú margaidh faoi dhlí na hiomaíochta.

Ina theannta sin, tugadh aghaidh go dtí seo ar struchtúir olagaplacha an mhargaidh san earnáil mhóibíleach ar dhá bhealach, trí choinníollacha chun rochtain a sholáthar d'oibreoirí líonraí fíorúla soghluaiste, i measc nithe eile, a ghabhann leis na cearta úsáide speictrim faoin gcóras údaráithe speictrim – nó faoi ghealltanais dhlí na hiomaíochta i gcás formheasanna cumaisc.

D'ainneoin an lín bhig cásanna inar mhol na ÚRNanna rialáil ar mhargáí olagaplacha, ba cheart an cur chuige atá ann faoi láthair, lena gceadaítear do na ÚRNanna na margáí a rialáil le cumhacht shuntasach aonair sa mhargadh agus comhpháirteach, a choinneáil ar bun toisc go n-áiríthítear comhleanúnachas inmheánach agus intuarthacht rialála le measúnú cumhachta suntasaí (aonair nó comhpháirteach) sa mhargadh, bunaithe ar na prionsabail chéanna de dhlí na hiomaíochta. Sna Treoirínte maidir le Cumhacht Chuntasach sa Mhargadh¹⁷ a ghlac an

¹⁵ I staidéar a rinneadh in 2023, féach https://www.berec.europa.eu/system/files/2023-04/BoR%20%2823%29%2041%20Study%20on%20wholesale%20mobile%20connectivity%20trends%20and%20issues%20for%20emerging%20mobile%20technologies%20and%20deployments_final_0.pdf,

Thug WIK-Consult dá aire go bhféadfadh cineál na n-oibleagáidí MVNO i gceadúnais speictrim difear a dhéanamh dá mhéid a d'fhéadfadh MVNO a sheirbhísí a idirdhealú ó sheirbhísí a óstaigh agus, dá bhrí sin, dá acmhainneacht suaiththeadh iomaíoch a sholáthar. Thug sé dá aire, i gcás na Seicia, go soláthraítear leis an gceadúnas speictrim 'nach mór d'oibreoirí atá chomh héifeachtúil céanna a bheith in ann oibriú go brabúsach ar an margadh iartheachtach (miondíola)'. Tugadh faoi deara sa staidéar sa chomhthéacs sin 'ós rud é go gceanglaítear le hoibleagáidí MVNO maidir leis an gceadúnas speictrim go socrófar praghsanna mórdhíola ar bhonn tástáil maidir le cúngach corrlaigh an oibreora chomhéifeachtúil sa chleachtas, cuirtear teorainn leis an acmhainneacht atá ag MVNONna dul i mbun iomaíocht praghsanna.'

¹⁶ C(2024) 1928 final.

¹⁷ Treoirínte maidir le hanailís mhargaidh agus measúnú ar chumhacht shuntasach sa mhargadh faoi chreat rialála an Aontais maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (2018/C 159/01).

Coimisiún, leagtar amach na príomhphrionsabail agus na príomhchritéir chun cumhacht shuntasach aonair sa mhargadh agus cumhacht shuntasach chomhpháirteach sa mhargadh a chinneadh.

3. ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR RAON FEIDHME NA SEIRBHÍSE UILÍCHE

Cuireann oibleagáidí seirbhíse uilíche sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach líontán sábhála ar fáil do thomhaltóirí san Aontas agus áirithíonn siad gur féidir leo rochtain a fháil ar sheirbhísí leordhóthanacha rochtana idirlín leathanbhanda agus ar sheirbhísí cumarsáide gutha ar phraghas inacmhainne. Tá na sainmhínithe ar rochtain leordhóthanach ar an idirlíon éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Ní úsáideann na Ballstáit go forleathan an fhéidearthacht oibleagáid seirbhíse uilíche a fhorchur le haghaidh infhaighteachta agus tá difríocht idir na bearta chun inacmhainneacht a áirithiú, i gcás ina n-úsáidtear iad, ar fud na mBallstát. Tá ualach riaracháin ag baint leis na rialacha ainmniúcháin earnáilsonracha agus d'fhéadfadh nósanna imeachta chun tairbhíú d'inacmhainneacht a bheith casta do thomhaltóirí. Mar sin féin, leanann oibleagáid seirbhíse uilíche de bheith ina líontán sábhála freisin i gcomhthéacs na deighilte idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, i gcomhthéacs leibhéil riosca bochtaineachta do thomhaltóirí an Aontais agus i gcomhthéacs fhorbairt na teicneolaíochta.

3.1. Infhaighteacht seirbhíse uilíoch

A bhuí le leathadh amach forleathan tráchtála líonraí fosaithe agus móibíleacha, ní ábhar inní é infhaighteacht (Airteagal 86) rochtana idirlín leathanbhanda leordhóthanaí (mar a shainmhíníonn na Ballstáit ina n-aonar, sa raon luais íoslódála 10 Mbit/s de ghnáth) mar gheall ar leitheadúlacht forleathan líonraí fosaithe agus móibíleacha atá leordhóthanach chun na bunluasanna leathanbhanda sin a sholáthar. Tugtar aghaidh ar an infhaighteacht freisin trí uirlisí malartacha beartais phoiblí amhail bearta Státchabhrach nó ionstraimí airgeadais. D'ainmnigh naoi mBallstát soláthraithe seirbhíse uilíche ach fiú i gcás inar ainmníodh soláthraithe, bhí an líon iarbhír oibleagáidí a forchuireadh réasúnta íseal.

3.2. Inacmhainne na seirbhíse uilíche

Bhain na Ballstáit úsáid as bearta an-éagsúil chun inacmhainneacht a áirithiú (**Airteagal 85**) do thomhaltóirí ar ioncam íseal agus a bhfuil riachtanais shóisialta speisialta acu. Áiríodh leo sin cineálacha éagsúla tacaíochta, amhail dearbháin, taraifí sóisialta agus lascainí nó aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht tríd an gcóras leasa shóisialta.

Athraíonn na modheolaíochtaí a úsáidtear chun a chinneadh céard is praghas inacmhainne ann. Is féidir le heaspa trédhearcachta agus castacht nósanna imeachta a bheith ina mbacainní ar thomhaltóirí tairbhe a bhaint as praghsanna agus tairiscintí inacmhainne sainithe. Cé go bhfuil bearta inacmhainneachta i bhfeidhm, is minic a bhíonn a dtionchar praiticiúil teoranta mar gheall ar ghlacadh íseal, ualach riaracháin, agus easpa infheictheachta.

Tá bearta breise ag na Ballstáit chun tacú le tomhaltóirí faoi mhíchumas tríd an gcóras seirbhísí uilíoch (**Airteagal 85(4)**). Áirítear orthu sin, mar shampla, cáilíocht seirbhíse níos airde, tacaíocht seirbhíse agus trealaimh saor in aisce.

Tá an chumarsáid leordhóthanach leathanbhanda agus gutha ag bunluasanna leathanbhanda (agus teicneolaíochtaí fosaithe agus gan sreang araon á gcur san áireamh), ar fáil beagnach go huilíoch san Aontas agus ní úsáideann na Ballstáit an fhéidearthacht oibleagáid seirbhíse uilíche a fhorchur le haghaidh infhaighteachta go forleathan. Mar sin féin, soláthraíonn

rialacha na hoibleagáide seirbhíse uilíche líontán sábhála do shuíomhanna seasta úsáideoirí deiridh i ngach limistéar. Tá laghdú tagtha le 10 mbliana anuas ar an sciar daoine san Aontas nach raibh sé d'acmhainn acu nasc idirlín a fháil, ach tá inacmhainneacht go háirithe do thomhaltóirí ar ioncam íseal agus a bhfuil riachtanais shóisialta speisialta acu fós ina saincheist i gcásanna áirithe. Dá ndéanfaí an measúnú ar inacmhainneacht a chomhchuibhiú a thuilleadh agus dá ndéanfaí cinneadh faoin tseirbhís leordhóthanach rochtana idirlín, d'fhéadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht na rialacha. Ina theannta sin, dá ndéanfaí an t-ainmniú agus an maoiniú earnáilsonrach a shimpliú, d'fhéadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú do na Ballstáit agus do sholáthraithe araon.

4. ATHBHREITHNIÚ AR CHEARTA ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH

Tá na **forálacha maidir le cearta úsáideoirí deiridh (Airteagail 98-116)** fós oiriúnach don fheidhm den chuid is mó. Comhlánaíonn siad na rialacha ginearálta maidir le cosaint tomhaltóirí agus thacaigh siad leis an gcuspóir rogha tomhaltóirí a chur chun cinn. Cé go ndéantar foráil leo go ginearálta maidir le comhchuibhiú uasta, laghdaítear a n-éifeachtacht leis na féidearthachtaí a áirítear sna hairteagail chun rialacha náisiúnta breise a thabhairt isteach. Leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as an bhféidearthacht imeacht ó rialacha earnáilsonracha, tá méadú tagtha ar ilroinnt rialála na rialacha earnáilsonracha maidir le cosaint tomhaltóirí don chumarsáid leictreonach. Tá sé tugtha le fios ag páirtithe leasmhara tionscail go gcuireann sé sin cosc orthu oibriú ar scála agus seirbhísí comhsheasmhacha trasteorann a sholáthar.

Maidir le seirbhísí ollmhargaidh cumarsáide leictreonaí i gcoitinne, tá leibhéal rogha an-ard, luach ar airgead, cáilíocht seirbhíse agus cosaint ag úsáideoirí deiridh san Aontas in earnáil na cumarsáide leictreonaí. Leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, in éineacht le rialacha iomaíochta an Aontais, áirithítear rogha tomhaltóirí agus margáí iomaíocha.

Dá ndéanfaí na rialacha a chomhchuibhiú a thuilleadh, laghdófaí na bacainní ar an margadh aonair a eascraíonn as cur chun feidhme éagsúil na rialacha agus chuirfí feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh aonair, go háirithe do sholáthraithe trasteorann. D'fhéadfadh sé sin an t-ualach riaracháin a laghdú, costais chomhlíontachta a laghdú agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trasteorann. Ina theannta sin, d'fhéadfadh roinnt nuashonruithe agus simpliú a bheith tairbheach d'úsáideoirí deiridh agus do sholáthraithe seirbhíse araon, mar shampla, na ceanglais maidir le soláthar faisnéise a thabhairt cothrom le dáta agus an chosaint a dheonaítear do chustaiméirí gnó a chuíchóiriú agus ailíniú breise le reachtaíocht ghaolmhar san earnáil.

5. CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH AGUS AN BEALACH CHUN CINN

Chuidigh an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, trína chuspóirí nascacht le líonraí fíor-ardacmhainneachta agus rochtain orthu agus a nglacadh a chur chun cinn, le hiomaíocht éifeachtach a bhaint amach/a choinneáil ar bun sa mhargadh le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus le leasanna na n-úsáideoirí deiridh a chosaint. Mar sin féin, ós rud é go bhfágann an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, mar Threoir, go bhfuil deis nach beag ann d'éagsúlacht náisiúnta as a n-eascraíonn ilroinnt agus, dá bhrí sin, léirítear sa mheastóireacht na teorainneacha atá léi maidir leis an margadh aonair don chumarsáid leictreonach a dhoimhniú. Tá bacainní fós roimh oibreoirí Eorpacha maidir le hoibriú trasteorann agus uas-scálú, rud a chuireann teorainn lena gcumas infheistíocht a dhéanamh, nuálaíocht a dhéanamh agus dul in iomaíocht lena gcontrapháirtithe domhanda. Thairis sin, tá

aird níos mó tugtha ar chumarsáid leictreonach, lena n-áirítear seirbhísí satailítbhunaithe, agus ar chumarsáid chriticiúil chun slándáil, athléimneacht agus ullmhacht a áirithiú.

Is iad an córas um chumhacht shuntasach sa mhargadh, mar aon le rialáil shiméadrach, na príomhionstraimí i gcónaí le haghaidh rialáil *ex ante*. Is uirlis thábhachtach fós í an rialáil *ex ante* chun a áirithiú go dtugtar aghaidh ar fhadhbanna iomaíochta go tráthúil. Mar sin féin, d'fhéadfaí simpliú a dhéanamh ar roinnt príomhfhorálacha nár chuir rialtóirí i bhfeidhm (Airteagal 76 maidir le comhinfeistíochtaí, Airteagal 77 maidir le deighilt fheidhmiúil a fhorchur) nó ar chuir roinnt rialtóirí i bhfeidhm iad ach ar cheart iad a shimpliú a thuilleadh chun go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne (e.g. Airteagal 61(3) lena gcumhdaítear rialáil shiméadrach). Ar deireadh, mar a léirítear thuas, bhí an líon cásanna maidir le margaí olagaplacha, ar tugadh fógra ina leith faoi Airteagal 32, an-teoranta. Tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann i margaí olagaplacha faoin gcóras údaraithe speictrim nó faoi dhlí na hiomaíochta.

Is líontán sábhála iad an oibleagáid seirbhíse uilíche sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí leordhóthanacha inacmhainne idirlín agus cumarsáide gutha ag gach tomhaltóir san Aontas. Dá ndéanfaí na forálacha a shimpliú i bhfianaise dálaí náisiúnta, d'fhéadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht na rialacha agus d'fhéadfaí a áirithiú, le hathbhreithniú a dhéanfar amach anseo, go leanfadh na rialacha forbairtí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha, lena n-áirítear an t-aistriú chuig líonraí snáthoptaice.

Tá na forálacha maidir le cearta úsáideoirí deiridh fós oiriúnach don fheidhm den chuid is mó ach d'fhéadfaí iad a shimpliú ar roinnt bealaí.